

Comharchumann Mhic Dara

An Cromptán, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
091-869750 | seancccr@gmail.com | www.ancheathrurua.ie



Fógra Poist

Oifigeach Pleanála Teanga

Tá Comharchumann Mhic Dara, An Cheathrú Rua, Conamara ag lorg duine cumasach le haghaidh Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga na Ceathrún Rua a chur i bhfeidhm.

Duine gairmiúil dúthrachtach a bhfuil taithí agus cáilíochtaí cuí aige/aici i réimse na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar, atá á lorg chun an Plean Teanga a fheidhmiú i gceann de na ceantair Ghaeltachta is láidre sa tír.

Is é Comharchumann Mhic Dara Teo an Ceanneagraíocht atá freagrach as an bplean teanga do Limistéar Pleanála Teanga na Ceathrún Rua a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d'aidhm aige cur le seasamh láidir na Gaeilge sa phobal agus cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge san LPT. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.

Is post ar chonradh trí bliana atá á thairiscint agus d'fhéadfadh go gcuirfí leis an tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm bearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Comharchumann Mhic Dara Teo, agus freagrach don Chomharchumann maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal.
- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Taithí i mbainistiú foireann oibre
- Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifig Comharchumann Mhic Dara Teo, An Cheathrú Rua, Conamara.

Beidh 39 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáth uaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin. Beidh taisteal i gceist leis an bpost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Tá scála tuarastail ó €35,000 go €50,000 ag gabháil leis an bpost ag brath ar thaithí agus cáilíochtaí.

Tá an plean teanga don LPT le fáil ach teagmháil a dhéanamh le Bainisteoir Comharchumann Mhic Dara.

Seoltar iarratas mar aon le cur síos gairid ar do thuiscint ar an bpost agus Curriculum Vitae, roimh

30 Meán Fómhair 2022 chuig:

Comharchumann Mhic Dara, An Cromptán, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe H91 X4WH,
Teil: 091 869750.

ríomhphost: seancccr@gmail.com